Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa Cheol, 2017
Na Trialacha Praiticiúla
MEABHRÁN

1. Riachtanais an tSiollabais

a) Is é atá sa triail cheolchasaidh sa cheol ná triail i gceann amháin nó in dhá cheann de na catagóirí a luaitear ar lgh 4 – 7 de Shiollabas Ceoil an Teastais Shóisearaigh.

b) Ní bheidh na trialacha ceolchasaidh níos faide ná é seo a leanas, an triail neamhullmhaithe san áireamh:
An Gnáthleibhéal: 10 nóiméad **An tArdleibhéal:** 15 nóiméad

c) Ní mór d'iarrthóirí Ardleibhéil
i. ceithre dhréacht a sheinm ar an uirlis (nó guth) chéanna sa ghníomhaíocht chéanna nó
ii. dhá dhréacht an ceann in dhá ghníomhaíocht éagsúla.
Ní cheadófar aon chomhcheangal eile.

d) Ní mór d'iarrthóirí Gnáthleibhéil dhá dhréacht a sheinm ar an uirlis (nó guth) chéanna sa ghníomhaíocht chéanna. Ní cheadófar aon chomhcheangal eile.

e) Tá cead ag na hiarrthóirí clár dá rogha féin a bheith acu don triail cheolchasaidh. Ní gá cead chuige sin a fháil roimh ré ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

2. Ceolchasadh grúpaí

a) Sa cheolchasadh grúpa, ceadaítear d'iarrthóirí teacht i láthair don scrúdú mar seo a leanas:
i. Aon áit a bhfuil iarrthóirí ag amhránaíocht/seinm in aoncheol, ceadaítear dóibh teacht i láthair don scrúdú ina ngrúpaí nach mbeidh níos mó ná cúigear iontu
ii. Aon áit a bhfuil iarrthóirí ag amhránaíocht/seinm in armóin, ní cóir go mbeadh níos mó ná beirt iarrthóirí ann in aghaidh na coda inscrúdaithe.

b) Ní mór gach amhrán/dréacht i ngníomhaíocht a chur i láthair mar aonad ceolchasaidh in aon seisiún amháin. Aon áit nach bhfuil gach ball de ghrúpa ag cur na rogha céanna i láthair, ní mór clár iomlán gach iarrthóra a chur i láthair ar leithligh.

c) Seachas tionlacaithe nó duine chun fuaimriain taca a oibriú nó ceoltóirí atá páirteach i gceolchasadh grúpa, ní ligfear duine ar bith ach an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí atá faoi scrúdú isteach sa seomra leis na scrúdaitheoirí. Ní cheadaítear don tionlacaí ná don duine atá chun fuaimriain taca a oibriú ná do cheoltóirí eile a bheith sa seomra le linn don triail neamhullmhaithe a bheith ar siúl.

3.Tionlacan

a) Ceadaítear do na hiarrthóirí **uile**, cibé acu an phríomhpháirt no páirt tacaíochta/armóin ata á seinm acu, ceolchasadh a dhéanamh le tionlacan beo **no le taifead**.

b) Ní mór gach gné den cheolchasadh (e.g. fuaimrian taca, má tá cluasáin á gcaitheamh ag an iarrthóir) a bheith inchloiste ag an Scrúdaitheoir.

c) Ní ceadmhach fón póca a úsáid chun fuaimrian taca a sheinm. Níl cead ag na hiarrthóirí **ná** acu siúd a bheidh á dtionlacan ná ag múinteoirí fón póca a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe ar chúis ar bith.

d) Ní mór fuaimrianta taca a bheith i bhformáid chruachóipe (dlúthdhiosca/DVD/téip/méaróg USB/an diosca crua ar ríomhaire (glúine)). Ní cheadmhach fuaimrianta taca a íoslódáil ná a shruthú beo ón idirlíon le linn na trialach féin.

4. Trialacha neamhullmhaithe

a) Beidh ar gach iarrthóir, iarrthóirí chatagóir 4 san áireamh, roghnú idir thriail neamhullmhaithe
i. sa chluaschuimhne nó
ii. san amharcléamh. **Níl rogha ar bith eile le fáil**.

b) Seinnfear na trialacha cluaschuimhne trí huaire. Freagraíonn an t-iarrthóir tar éis an dara agus an tríú seinm. Bronnfar marcanna as an iarracht is fearr díobh.

c) Is do uirlisí faoi leith a cumadh na trialacha san amharcléamh sa Teastas Sóisearach. **Ní ceadmhach iad a sheinm ar aon uirlis seachas an uirlis a luaitear.**

d) **Níl amharcléamh rithim ar fáil mar rogha i dtrialacha praiticiúla an Teastais Shóisearaigh.**

5. Ionad na Scrúduithe agus Sceidealú

a) Beidh an triail cheolchasaidh ann idir **27 Márta agus 7 Aibreán, 2017, an dá dháta sin san áireamh**. Ní mór d'iarrthóirí a bheith i láthair ag an am a shocraítear dóibh.

b) Ní cheadófar an triail a athsceidealú ar dháta eile, ach amháin ar chúiseanna deimhnithe leighis (féach foirm MP7) i gcás iarrthóra nach bhfuil in ann bheith i láthair le linn na tréimhse scrúdaithe a luaitear thuas.

c) **Ní mór an ceolchasadh iomlán a dhéanamh in aon seisiún scrúduithe amháin**, pé acu le linn an phríomhsheisiúin sceidealta den scrúdú nó, sa chás go gceadaítear é, ar an dáta athsceidealta.

d) Ní mór airde na fuaime sa cheolchasadh a choinneáil ar leibhéal inghlactha mar mhaithe le cúinsí Sláinte agus Sábháilteachta.

e) Tig le scrúdaitheoirí iarraidh ar iarrthóirí stopadh ag pointí oiriúnacha, mar is rogha leo, agus/nó, sa cheolchasadh grúpa nuair a bhíonn an dréacht an-ghairid, a iarraidh orthu an dréacht a sheinm arís. Tugtar do d'aire nach mbeidh tionchar ar bith aige sin ar mharcáil cheolchasadh an iarrthóra.

f) Moltar d'Údaráis na Scoileanna gan tráthchlár a thabhairt d'iarrthóirí ós rud nach féidir a mheas go beacht cén t-am go díreach a bheidh triail phraiticiúil ar bith ar siúl. Tugtar do bhur n-aire freisin go gcuirfidh cuairt mhonatóireachta ó Scrúdaitheoir Comhairleach moill ar na trialacha. Níl neart air seo agus tá sé riachtanach chun slánchúis na scrúduithe a chinntiú. **Is cóir a chur in iúl do na hiarrthóirí nach féidir leo a bheith ag súil leis go gcuirfear faoi scrúdú iad ag am ar leith.**

g) Ós triail cheolchasaidh í seo, ní mór a bheith cúramach agus ionad na scrúduithe á réiteach. ***Ní mór* ionad na scrúduithe a bheith in áit sa scoil atá saor ó thrup agus ó chur isteach ó mhic léinn eile agus ó fhógraí ar an ngléas idirchumarsáide.**

h) Níl cead ag an Scrúdaitheoir aon chuid den scrúdú a phlé le haon duine. Aon cheist a bheidh ag aon duine faoin scrúdú, is cóir í a chur ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

i) Ní mór do na hiarrthóirí **uile** bualadh leis an Scrúdaitheoir ina ngrúpa nuair a thagann sé/sí go dtí an scoil. Iarrtar ar na scoileanna a dhéanamh cinnte go gcuirtear in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil sin riachtanach, agus go gcuirtear seomra oiriúnach ar fail don chruinniú leis an ngrúpa.

6. Eolas ginearálta

- Na hiarrthóirí ar mian leo an **tobchumadh** a chur i láthair faoi chatagóir 6 (lch 65, Aguisín E den siollabas), ní mór dóibh a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit cén dá théama ar a bhfuil sé i gceist acu tobchumadh ullmhaithe a sheinm. Ní mór do na hiarrthóirí Ardleibhéal oilteacht a léiriú faoi thrí cinn de na ceannteidil a thugtar in Aguisín E, agus ní mór do na hiarrthóirí Gnáthleibhéal oilteacht a léiriú faoi cheannteideal amháin díobh. Tabharfar amach tobchumadh neamhullmhaithe lá an scrúdaithe. **Cuirfear triail amharcléimh nó triail chluaschuimhne ar na hiarrthóirí freisin.**

- Meabhraítear do na hiarrthóirí agus do na múinteoirí gur féidir leo seanpháipéir, trialacha neamhullmhaithe agus eolas ábhartha eile a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie, agus iad a chóipeáil anuas agus a chlóbhualadh.

- Is cóir dul i dteagmháil leis an rannóg a leanas má tá aon cheist ag aon duine faoi na trialacha ceolchasaidh sa Cheol:

Rannóg na dTrialacha Praiticiúla (Ceol),
Coimisiún na Scrúduithe Stáit,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.
Teileafón: 090-644 2751 / 090-644 2752
R-phost: info@examinations.ie